Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10820/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0101(COD)**

**CODEC 810**
**MI 332**
**ENV 515**
**ENT 105**
**PE 58**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí<br>– An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, ón 14 go dtí an 17 Meán Fómhair 2020 ) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Esther de Lange (PPE, NL) tuarascáil, thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ina bhfuil 24 leasú (leasuithe 1-24) ar an togra le haghaidh rialacháin a luaitear thuas.

Ina theannta sin, thíolaic grúpa ECR 5 leasú (leasuithe 25-29); agus thíolaic roinnt Feisirí ón ngrúpa PPE 6 leasú (leasuithe 30-35).

## II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ar an 15 Meán Fómhair 2020, ghlac an seisiún iomlánach 24 leasú (1-24) ar an togra le haghaidh rialacháin. Níor glacadh aon leasú eile. Leagtar amach san iarscríbhinn na leasuithe a glacadh.

Ag deireadh na vótála, ar an 16 Meán Fómhair 2020, cuireadh an togra ar ais chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, de bhun Riail 59(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa agus gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gComhairle.

# Cineálcheadú mótarfheithiclí (Astaíochtaí Fíorthiomána) ***I

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2020 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (COM(2019)0208 – C9-0009/2019 – 2019/0101(COD))**[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ceanglaítear ar fheithiclí saothair éadroim nua teorainneacha astaíochta áirithe (caighdeáin Euro 5 agus Euro 6) a chomhlíonadh agus leagtar síos ceanglais bhreise maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí. Na forálacha teicniúla sonracha ba ghá chun an Rialachán ***sin*** a chur chun feidhme, is i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008, ón gCoimisiún[4] a leagadh amach iad agus ina dhiaidh sin i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1151 ón gCoimisiún[5]. | (2) Le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ceanglaítear ar fheithiclí saothair éadroim nua teorainneacha astaíochta áirithe (caighdeáin Euro 5 agus Euro 6) a chomhlíonadh agus leagtar síos ceanglais bhreise maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, ***arna leasú agus arna chomhdhlúthú tuilleadh le Rialachán (AE) 2018/858[3a] a bhfuil feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2020.*** Na forálacha teicniúla sonracha ba ghá chun Rialachán ***(CE) Uimh. 715/2007*** ón gCoimisiún a chur chun feidhme leagadh amach iad i Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún[4] agus ina dhiaidh sin, i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1151 ón gCoimisiún.[5] |
| | ***[3a] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí,*** |

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0139/2020).

| | |
|---|---|
| | ***agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).*** |
| [4] Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 199, 28.7.2008, lch. 1). | [4] Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 199, 28.7.2008, lch. 1). |
| [5] Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1). | [5] Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) De réir a chéile, tá géaraithe go mór ar na ceanglais chineálcheadaithe a bhaineann le hastaíochtaí ó mhótarfheithiclí trí chaighdeáin Euro a thabhairt isteach agus a athbhreithniú ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil laghduithe móra bainte amach ag feithiclí i gcoitinne ó thaobh astaíochtaí na dtruailleán rialáilte de, níorbh amhlaidh cás na n-astaíochtaí NOx ó innill díosail ná cáithníní ó innill ghásailín insteallta dhírigh, arna suiteáil i bhfeithiclí saothair éadroim go háirithe. Is gá, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh chun an scéal sin ***a réiteach***. | (3) De réir a chéile, tá géaraithe go mór ar na ceanglais chineálcheadaithe a bhaineann le hastaíochtaí ó mhótarfheithiclí trí chaighdeáin Euro a thabhairt isteach agus a athbhreithniú ina dhiaidh sin. Cé go bhfuil laghduithe móra bainte amach ag feithiclí i gcoitinne ó thaobh astaíochtaí na dtruailleán rialáilte de, níorbh amhlaidh cás na n-astaíochtaí NOx ó innill díosail ná cáithníní ó innill ghásailín insteallta dhírigh, arna suiteáil i bhfeithiclí saothair éadroim go háirithe. Is gá, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí a dhéanamh chun an cás sin ***a réiteach***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Measadh i dTuarascáil 2019 maidir le Cáilíocht Aeir[1d] a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) gurb nochtadh fadtéarmach ar thruailliú aeir ba chúis le níos mó ná 506 000 bás anabaí in AE-28 in 2016. Deimhníodh sa tuarascáil freisin gur lean an t-iompar de bhóthar de bheith mar phríomhfhoinse astaíochtaí $NOx_x$ in AE-28 in 2017, arb ionann é agus thart ar 40 % d'astaíochtaí $NO_x$ iomlána AE, agus gur feithiclí arna gcumhachtú ag díosal a ghineann thart ar 80 % d'astaíochtaí $NO_x$ iomlána ó iompar de bhóthar;*** |
| | ***1a EEA Air Quality in Europe 2019 report. [Cáilíocht an Aeir san Eoraip – tuarascáil 2019].*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí chun iontaoibh tomhaltóirí a athbhunú.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) Tá sé léirithe ag sáruithe a rinne monaróirí le déanaí ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, lena n-áirítear sáruithe ar na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, a laige atá na sásraí rialaithe agus forfheidhmithe. Níor tugadh cúiteamh sásúil do thomhaltóirí, mar fiú i gcásanna inar deonaíodh cúiteamh, is annamh a tugadh feithiclí i gcomhréir le caighdeáin Euro 5 agus Euro 6. Ós rud é go bhfuil líon na dtoirmeasc ar fheithiclí díosail i gcathracha na hEorpa ag dul i méid agus go bhfuil tionchar aige sin ar shaol laethúil na saoránach, d'fhéadfaí bearta cúitimh leormhaithe a ghlacadh, amhail teicneolaíocht oiriúnaithe chun gáis sceite a chóireáil (athrú crua-earraí) a shuiteáil i bhfeithiclí neamhchomhlíontacha nó, i gcás inar mian leis an tomhaltóir feithicil a ceannaíodh a mhalartú ar mhúnla níos glaine, préimheanna tiontaithe a thairiscint.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Mar thoradh air sin, cheap an Coimisiún modheolaíocht nua le tástáil a dhéanamh ar astaíochtaí ó fheithiclí faoi dhálaí fíorthiomána, an nós imeachta tástála astaíochtaí fíorthiomána (RDE). Tugadh isteach an nós imeachta tástála RDE le Rialachán (AE) 2016/427 ón gCoimisiún[6] agus le Rialachán (AE) 2016/646[7] ón gCoimisiún[19], rud a tugadh isteach ina dhiaidh sin i Rialachán (AE) 2017/1151 agus a feabhsaíodh tuilleadh le ***Rialachán*** (AE) 2017/1154 ón gCoimisiún[8]. | (5) Mar thoradh air sin, cheap an Coimisiún modheolaíocht nua le tástáil a dhéanamh ar astaíochtaí ó fheithiclí faoi dhálaí fíorthiomána, an nós imeachta tástála astaíochtaí fíorthiomána (RDE). Tugadh isteach an nós imeachta tástála RDE le Rialachán (AE) 2016/427 ón gCoimisiún[6] agus le Rialachán (AE) 2016/646 ón gCoimisiún[7], rud a tugadh isteach ina dhiaidh sin agus a feabhsaíodh tuilleadh i ***Rialacháin*** (AE) 2017/1151 2017/1154[8] ***agus (AE) 2018/1832 ón gCoimisiún***[8a]. |
| [6] Rialachán (AE) 2016/427 ón gCoimisiún an 10 Márta 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 82, 31.03.2016, lch. 1). | [6] Rialachán (AE) 2016/427 ón gCoimisiún an 10 Márta 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 82, 31.03.2016, lch. 1). |
| [7] Rialachán (AE) 2016/646 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 109, 26.04.2016, lch.1). | [7] Rialachán (AE) 2016/646 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 109, 26.04.2016, lch.1). |
| [8] Rialachán (AE) 2017/1154 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1151 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón | [8] Rialachán (AE) 2017/1154 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1151 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón |

| | |
|---|---|
| gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 agus Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí fíorthiomána ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 175, 07.07.2017, lch. 708). | gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 agus Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí fíorthiomána ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 175, 07.07.2017, lch. 708).<br>***[8a] Rialachán (AE) 2018/1832 an 5 Samhain 2018 ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún chun na tástálacha agus na nósanna imeachta cineálcheadaithe i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála a fheabhsú, lena n-áirítear na tástálacha agus na nósanna imeachta sin a bhaineann le comhréireacht inseirbhíse agus astaíochtaí fíorthiomána agus chun gairis a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh, IO L 301, 27.11.2018, lch. 1.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Le Rialachán (AE)[21] 2016/646[9] tugadh isteach na dátaí a chuirfear an nós imeachta tástála RDE i bhfeidhm, chomh maith leis na critéir chomhlíontachta le haghaidh RDE. Chun na críche sin, ***úsáideadh*** fachtóirí comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith chun aird a thabhairt ar neamhchinnteachtaí staitistiúla agus teicniúla na dtomhas a rinneadh trí bhíthin Córais Iniompartha Tomhais Astaíochtaí (PEMS). | (6) Le Rialachán (AE) 2016/646[9] tugadh isteach na dátaí a chuirfear an nós imeachta tástála RDE i bhfeidhm, chomh maith leis na critéir chomhlíontachta le haghaidh RDE. ***Roghnaíodh tabhairt isteach na ndátaí le haghaidh feithiclí paisinéirí agus feithiclí saothair éadroim i seicheamh bliantúil chun pleanáil thráthúil a áirithiú do mhonaróirí gach grúpa feithiclí.*** Chun na críche sin, ***tugadh isteach*** fachtóirí comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith |

chun aird a thabhairt ar neamhchinnteachtaí staitistiúla agus teicniúla na dtomhas a rinneadh trí bhíthin Córais Iniompartha Tomhais Astaíochtaí (PEMS).

| | |
|---|---|
| [9] Rialachán (AE) 2016/646 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 109, 26.04.2016, lch. 1). | [9] Rialachán (AE) 2016/646 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 6) (IO L 109, 26.04.2016, lch. 1). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) De réir thuarascáil EEA ó 2016, bhí trí fhachtóir go príomha ann ba chúis leis an mbearna idir fíor-astaíochtaí agus astaíochtaí saotharlainne: nós imeachta tástála as dáta, solúbthachtaí sa nós imeachta reatha agus fachtóirí atá in úsáid atá spleách ar an tiománaí. Tá staidéar ag teastáil chun an lámháil atá ann mar gheall ar an stíl tiomána agus ar an teocht taobh amuigh a bhunú. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na fachtóirí, an lámháil a bhaineann le feiste agus lámháil an fhachtóra le linn úsáide atá spleách ar an tiománaí agus ar an teocht.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) An 13 Nollaig 2018, thug an Chúirt Ghinearálta breithiúnas sna Cásanna Uamtha T-339/16, T-352/16 agus T-391/16[22] maidir le caingean le haghaidh neamhniú Rialachán (AE) 2016/646. Neamhnigh an Chúirt Ghinearálta an chuid sin de Rialachán (AE) 2016/646 lenar bunaíodh na fachtóirí comhréireachta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuil na teorainneacha astaíochta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 á gcomhlíonadh ag torthaí tástálacha RDE. Shuigh an Chúirt gurb é an reachtóir agus é sin amháin a d'fhéadfadh na fachtóirí comhréireachta sin a thabhairt isteach óir bhain siad le heilimint riachtanach de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007. | (7) An 13 Nollaig 2018, thug an Chúirt Ghinearálta breithiúnas sna Cásanna Uamtha T-339/16, T-352/16 agus T-391/16[22] maidir le caingean le haghaidh neamhniú Rialachán (AE) 2016/646. Neamhnigh an Chúirt Ghinearálta an chuid sin de Rialachán (AE) 2016/646 lenar ***bunaíodh*** na fachtóirí comhréireachta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuil na teorainneacha astaíochta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 á gcomhlíonadh ag torthaí tástálacha RDE. Shuigh an Chúirt gurb é an reachtóir agus é sin amháin a d'fhéadfadh na fachtóirí comhréireachta sin a thabhairt isteach óir bhain siad le heilimint riachtanach de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ***agus "mar thoradh ar leasú de facto ar na teorainneacha ar astaíochtaí ocsaídí nítrigine atá leagtha síos do chaighdeáin Euro 6, cé go mbeidh feidhm ag na teorainneacha sin maidir leis na tástálacha sin".*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ***Níor*** cheistigh an Chúirt Ghinearálta ***an chúis theicniúil atá leis na fachtóirí*** comhréireachta. ***Dá bhrí sin, agus ó tharla*** go bhfuil neamhréireacht ann fós idir na hastaíochtaí a thomhaistear le linn na fíorthiomána agus na hastaíochtaí a thomhaistear sa tsaotharlann, is iomchuí na | (8) ***D'ardaigh*** an Chúirt Ghinearálta ***amhras faoi "an bhfuil bunús maith le spleáchas an Choimisiúin ar earráidí staidrimh a d'fhéadfadh a bheith ann", go háirithe maidir le fachtóir comhréireachta sealadach 2,1 agus dúirt sí "go gceartaítear éiginnteachtaí*** |

fachtóirí comhréireachta a thabhairt isteach i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

***staidrimh trí ionadaíochas an tsampla nó na tástála nó de réir mhéid na tástála". Ina theannta sin, maidir leis an lámháil éiginnteachta teicniúla a tugadh isteach, dhearbhaigh an Chúirt "go bhfuil sé dodhéanta a chinneadh, tar éis tástáil RDE, an gcomhlíonann an fheithicil atá á tástáil na teorainneacha dlíthiúla nó an bhfuil sí gar dóibh féin fiú". Tá lámháil éiginnteachta teicniúla ag aon trealamh tomhais, agus maidir le trealamh PEMS, mar gheall ar úsáid an trealaimh sin i ndálaí athraitheacha, fuarthas amach go bhfuil lámháil beagán níos mó aige i gcomparáid le trealamh saotharlainne nach bhfuil soghluaiste, cé gur féidir astaíochtaí ró-mheasta agus gannmheasta a bheith i gceist leis sin i ndáiríre. Ó tharla*** go bhfuil neamhréireacht ann fós idir na hastaíochtaí a thomhaistear le linn na fíorthiomána agus na hastaíochtaí a thomhaistear sa tsaotharlann, is iomchuí na fachtóirí comhréireachta a thabhairt isteach ***go sealadach*** i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ina rún an 28 Márta 2019 maidir leis na forbairtí is déanaí i scannal 'Dieselgate' chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gur geal léi rialú na Cúirte Ginearálta, agus d'iarr sí go sainráite ar an gCoimisiún gan aon fhachtóir nua comhréireachta a thabhairt isteach chun a áirithiú nach ndéanfar caighdeáin Euro 6 a mhaolú tuilleadh agus go gcomhlíonfar iad ina ionad sin faoi ghnáthchoinníollacha úsáide, dár foráladh ar dtús i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun caoi a thabhairt do dhéantóirí ar na teorainneacha astaíochta Euro 6 a chomhlíonadh i gcomhthéacs nós imeachta tástála RDE, ba cheart na critéir chomhlíontachta le haghaidh RDE a thabhairt isteach in dhá chéim. Le linn na chéad chéime, arna iarraidh sin don déantóir, ba cheart fachtóir comhréireachta a bheith i bhfeidhm, ach ní úsáidfear ach an fachtóir comhréireachta deiridh mar an dara céim. Ba cheart don Choimisiún ***na fachtóirí comhréireachta deiridh a choimeád faoi athbhreithniú*** i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil. | (9) Chun caoi a thabhairt do dhéantóirí ar na teorainneacha astaíochta Euro 6 a chomhlíonadh i gcomhthéacs ***an*** nós imeachta tástála RDE, ba cheart na critéir chomhlíontachta le haghaidh RDE a thabhairt isteach in dhá chéim. Le linn na chéad chéime, arna iarraidh sin don déantóir, ba cheart fachtóir comhréireachta a bheith i bhfeidhm, ach ní úsáidfear ach an fachtóir comhréireachta deiridh mar an dara céim. ***Ba cheart feidhm a bheith ag an bhfachtóir comhréireachta deiridh le linn idirthréimhse agus ba cheart lamháil a bheith san áireamh ann lena léirítear an éiginnteacht bhreise tomhais a bhaineann le tabhairt isteach PEMS.*** Ba cheart don Choimisiún ***measúnú leanúnach a dhéanamh ar an bhfachtóir comhréireachta sin*** i bhfianaise dul chun cinn teicniúil ***agus é a choigeartú síos go bliantúil ar bhonn fianaise eolaíoch, cruinneas feabhsaithe an nós imeachta tomhais agus dul chun cinn teicniúil PEMS. Ba cheart an fachtóir comhréireachta a ísliú de réir a chéile agus scor d'fheidhm a bheith aige faoin 30 Meán Fómhair 2022.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| | |
|---|---|
| | ***(9a) Ba cheart don Choimisiún ceanglais níos déine a bhunú faoi mhí an Mheithimh 2021 ar a dhéanaí maidir le*** |

***trealamh tomhais PEMS a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh tástálacha RDE. Ba cheart a chur san áireamh leis na caighdeáin a bhunaítear, i gcás inar féidir, aon eilimintí ábhartha den chaighdeánú arna bhforbairt ag CEN bunaithe ar an trealamh PEMS is fearr atá ar fáil.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Cé go ndéileáiltear sa togra seo leis an bhfachtóir comhréireachta, tá sé tábhachtach a chur i dtreis go bhfuiltear le déileáil le saincheist na gcaighdeán teorainneacha astaíochta i gcomhthéacs an togra atá beartaithe maidir le hiar-Euro 6. Chun dul chun cinn tapa a áirithiú i dtreo luachanna teorantacha astaíochta agus cáilíocht fheabhsaithe aeir do shaoránaigh an Aontais amach anseo a ghlacadh (iar – Euro 6), tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun na críche sin a luaithe is féidir agus faoi mhí an Mheithimh 2021 ar a dhéanaí, mar a fógraíodh sa teachtaireacht uaidh an 11 Nollaig 2019 maidir le "Margadh Glas na hEorpa", lena gcuirtear béim ar an ngá atá le hathrú go soghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste agus lena n-áirithítear bealach i dtreo soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha. Níor cheart aon fhachtóirí comhréireachta a úsáid i gcur chun feidhme na gcaighdeán iar-Euro 6.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9c) Chun táirgeoirí a spreagadh dearcadh réamhghníomhach ar son an chomhshaoil a bheith acu, ba cheart na nuálaíochtaí teicneolaíochta nua atá ceaptha NOx a ionsú a thástáil, a chainníochtú agus a mheas san athbhreithniú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar chaighdeáin Euro.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Le Conradh Liospóin tugadh deis don reachtóir cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú. I bprionsabal, freagraíonn na bearta is féidir a chumhdach le tarmligean cumhachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 290(1) ***CFAE***, dóibh sin a chumhdaítear leis an nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú a bhunaítear le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[11]. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach, na forálacha sin de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú a chur in oiriúint d'Airteagal 290 CFAE. | (10) Le Conradh Liospóin tugadh deis don reachtóir cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú. I bprionsabal, freagraíonn na bearta is féidir a chumhdach le tarmligean cumhachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 290(1) ***den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),*** dóibh sin a chumhdaítear leis an nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú a bhunaítear le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[11]. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach, na forálacha sin de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialála lena ngabhann grinnscrúdú a chur in oiriúint d'Airteagal 290 CFAE. |
| [11] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na | [11] Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na |

| | |
|---|---|
| gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23). | gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23). |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chion a dhéanamh le cuspóirí an Aontais ó thaobh cháilíocht an aeir de a bhaint amach agus le hastaíochtaí ó fheithiclí a laghdú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ***den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)*** a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais shonracha le haghaidh cineálcheadú. Ba cheart a áireamh ar an tarmligean sin Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a fhorlíonadh trí na rialacha athbhreithnithe sin agus ar na sraitheanna tástála a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas; na ceanglais le haghaidh chur chun feidhme an toirmisc ar úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtacht córas rialaithe astaíochtaí; ***na bearta is gá le haghaidh chur chun feidhme na hoibleagáide atá ar dhéantóir rochtain neamhshrianta chaighdeánaithe a chur ar fáil ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí;*** nós imeachta tomhais coigeartaithe do cháithníní a ghlacadh. Ba cheart a áireamh thairis sin ar an tarmligean Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a leasú chun na fachtóirí comhréireachta ***deiridh*** a athbhreithniú chun íslithe chun an dul chun cinn teicniúil i PEMS a léiriú, agus na luachanna teorantacha atá bunaithe ar mhais na gcáithníní a athchalabrú agus luachanna teorantacha atá ***bunaithe ar líon*** na | (11) Chun gur féidir leis an gCoimisiún a chion a dhéanamh le cuspóirí an Aontais ó thaobh cháilíocht an aeir de a bhaint amach agus le hastaíochtaí ó fheithiclí a laghdú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ***CFAE*** a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais shonracha le haghaidh cineálcheadú. Ba cheart a áireamh ar an tarmligean sin Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 a fhorlíonadh trí na rialacha athbhreithnithe sin agus ar na sraitheanna tástála a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas; na ceanglais le haghaidh chur chun feidhme an toirmisc ar úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtacht córas rialaithe astaíochtaí; ***agus*** nós imeachta tomhais coigeartaithe do cháithníní a ghlacadh. ***D'ainneoin na tréimhse giorra idir teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus aisghairm na bhforálacha maidir le faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil (FDC) le Rialachán (AE) 2018/858, chun críocha na deimhneachta dlíthiúla agus chun a áirithiú go mbeidh gach rogha ar fáil don reachtóir, ba cheart a áireamh sa tarmligean freisin na bearta is gá chun oibleagáid an mhonaróra rochtain neamhshrianta agus chaighdeánaithe a sholáthar ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a chur chun feidhme.*** Ba cheart a áireamh thairis sin ar an tarmligean Rialachán (CE) |

gcáithníní a thabhairt isteach. Tá sé ríthábhachtach an Coimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Thar gach ní, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile san am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Uimh. 715/2007 a leasú chun an fachtóir comhréireachta a athbhreithniú anuas go bliantúil chun ***cáilíocht fheabhsaithe an nós imeachta tomhais nó*** an dul chun cinn teicniúil maidir le PEMS a léiriú, agus na teorainnluachanna atá bunaithe ar mhais na gcáithníní a athchalabrú agus teorainnluachanna atá ***bunaithe ar líon*** na gcáithníní a thabhairt isteach. Tá sé ríthábhachtach go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr***[1a]***. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

______________

***[1a] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.***

*Réasúnú*

*Tá an lamháil earráide faoi réir athbhreithniú bliantúil agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh uirthi mar thoradh ar cháilíocht fheabhsaithe nós imeachta PEMS nó an dul chun cinn teicniúil*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe a**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áirítear ar na hoibleagáidí sin na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh. Chun a shuí an bhfuil na teorainneacha astaíochta Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I á gcomhlíonadh, déanfar na luachanna astaíochta a shuitear in aon tástáil bhailí astaíochtaí fíorthiomána (RDE) a roinnt ar an bhfachtóir comhréireachta infheidhme a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I. Beidh an toradh fós faoi bhun na dteorainneacha astaíochta Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn sin. | Áirítear ar na hoibleagáidí sin na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I ***a chomhlíonadh***. Chun a shuí an bhfuil na teorainneacha astaíochta Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I á gcomhlíonadh, déanfar na luachanna astaíochta a shuitear in aon tástáil bhailí astaíochtaí fíorthiomána (RDE) a roinnt ar an bhfachtóir comhréireachta infheidhme ***mar*** a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I. Beidh an toradh fós faoi bhun na dteorainneacha astaíochta Euro 6 a leagtar amach i dTábla 2 den Iarscríbhinn sin. ***Déanfar an fachtóir comhréireachta a ísliú de réir a chéile trí athbhreithnithe anuas bliantúla, bunaithe ar mheasúnuithe ó JRC. Scoirfidh an fachtóir comhréireachta d'fheidhm a bheith aige faoin 30 Meán Fómhair 2022.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 5 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna ar dóigh dóibh difear a dhéanamh d'astaíochtaí deartha, déanta agus cóimeáilte sa chaoi gur féidir leis an bhfeithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo a chomhlíonadh.***;*** | 1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna ar dóigh dóibh difear a dhéanamh d'astaíochtaí deartha, déanta agus cóimeáilte sa chaoi gur féidir leis an bhfeithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo a chomhlíonadh. ***Ráthóidh an déantóir iontaofacht na bhfeistí rialaithe truaillithe freisin agus beidh sé mar aidhm aige an riosca a laghdú a bhaineann le goid na bhfeistí nó iad a úsáid ar bhealach míchuí.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 8 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a chun Airteagal 6 agus Airteagal 7 a fhorlíonadh. Áireofar leis sin sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú a bhaineann leis an dóigh ina soláthrófar faisnéis DAB agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus na sonraíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta, agus aird faoi leith á tabhairt ar riachtanais shonracha FBManna. | Tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a chun Airteagail 6 agus 7 a fhorlíonadh. Áireofar leis sin sonraíochtaí teicniúla a bhaineann leis an gcaoi a soláthrófar faisnéis OBD agus faisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí a shainiú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus aird faoi leith á tabhairt ar riachtanais shonracha FBManna, ***micrifhiontar agus oibreoirí féinfhostaithe.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 10 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn aon tástáil bhailí RDE, is tríd an bhfachtóir comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith, agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(1), a chur san áireamh a thabharfar chun feasa na luachanna | Le linn aon tástáil bhailí RDE, is tríd an bhfachtóir comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith, agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(1), a chur san áireamh a shuífear an bhfuil na luachanna teorantacha |

| | |
|---|---|
| teorantacha Euro 6 a bheith á gcomhlíonadh nó a mhalairt. | Euro 6 á gcomhlíonadh. ***Déanfar an fachtóir comhréireachta a ísliú de réir a chéile trí athbhreithnithe anuas bliantúla, bunaithe ar mheasúnuithe ó JRC. Scoirfidh an fachtóir comhréireachta d'fheidhm a bheith aige faoin 30 Meán Fómhair 2022.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le linn aon tástáil bhailí RDE, is tríd an bhfachtóir comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith, agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(1), a chur san áireamh a thabharfar chun feasa na luachanna teorantacha Euro 6 a bheith á gcomhlíonadh nó a mhalairt. | Le linn aon tástáil bhailí RDE, is tríd an bhfachtóir comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith, agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 4(1), a chur san áireamh a shuífear an bhfuil na luachanna teorantacha Euro 6 á gcomhlíonadh. ***Déanfar an fachtóir comhréireachta a ísliú de réir a chéile trí athbhreithnithe anuas bliantúla, bunaithe ar mheasúnuithe ó JRC. Scoirfidh an fachtóir comhréireachta d'fheidhm a bheith aige faoin 30 Meán Fómhair 2022.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Airteagal 14 – mír 3 agus mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Tabharfar de chumhacht*** don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a***:*** | ***3. Déanfaidh*** an Coimisiún,***tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2021,*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a ***lena bhforlíontar an Rialachán seo chun na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais a oiriúnú chomh maith leis na timthriallta tástála a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas chun léiriú leordhóthanach a thabhairt ar fhíorastaíochtaí tiomána faoi ghnáthchoinníollacha úsáide, lena n-áirítear inter alia coinníollacha teochta agus teorann, laghdú a dhéanamh ar an sruth freagairt nialasach agus aghaidh a thabhairt ar cháithníní guaiseacha i gcáithníní a bheidh mar thoradh ar ghlanadh scagtha, agus aon ghnéithe caighdeánaithe ábhartha arna bhforbairt ag CEN agus atá bunaithe ar an trealamh is fearr atá ar fáil á gcur san áireamh.*** |
| ***(a)*** lena bhforlíontar an Rialachán seo chun na nósanna imeachta, na tástálacha agus na ceanglais, chomh maith leis na sraitheanna tástála a úsáidtear chun astaíochtaí a thomhas, a oiriúnú chun go léireofar astaíochtaí fíorthiomána go leormhaith; | |
| ***(b)*** an Rialachán seo a leasú chun na fachtóirí comhréireachta ***deiridh*** a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I a chur in oiriúint do dhul chun cinn teicniúil. | |
| | ***3a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14a*** lena leasaítear an Rialachán seo a leasú chun na fachtóirí comhréireachta a bhaineann go sonrach le truailleáin ar leith agus a leagtar amach i dTábla 2a d'Iarscríbhinn I a chur in oiriúint do dhul chun cinn teicniúil ***agus chun iad a athbhreithniú anuas***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn– mír 1**

Rialachán (CE) Uimh. 715/2007

Iarscríbhinn I – tábla 2a – ró 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CF truailleán-deiridh (2) | ***1,43*** | ***1,5*** | - | - | - |

(2) Is é CF truailleán-deiridh an fachtóir comhréireachta a úsáidtear chun a shuí an bhfuil na teorainneacha astaíochta Euro 6 á gcomhlíonadh trí aird a thabhairt ar na héiginnteachtaí teicniúla a ghabhann le h***úsáid*** na gCóras Iniompartha Tomhais Astaíochtaí (PEMS).

*Leasú*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| CF truailleán-deiridh (2) | ***1 + lámháil (lámháil = 0,32*)*** | ***1 + lámháil (lámháil = 0,5*)*** | - | - | - |

**** le hathbhreithniú anuas ar bhonn mheasúnú an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar a laghad uair sa bhliain***

(2) Is é CF truailleán-deiridh an fachtóir comhréireachta a úsáidtear chun a shuí an bhfuil na teorainneacha astaíochta Euro 6 ***faoi idirthréimhse*** á gcomhlíonadh trí aird a thabhairt ar na héiginnteachtaí teicniúla ***breise*** a ghabhann le ***tabhairt isteach*** na gCóras Iniompartha Tomhais Astaíochtaí (PEMS). ***Déantar é a shloinneadh mar 1 + lamháil tomhais éiginneachta. Faoin 30 Meán Fómhair 2022 beidh an lámháil ag nialas, agus scoirfidh an fachtóir comhréireachta d'fheidhm a bheith aige.***